I rith 2023, lean an CVCC ar aghaidh ag tógáil acmhainní, taithí agus saineolas na heagraíochta le seachadadh d’othair agus do chónaitheoirí tithe altranais. Trí thimpeallacht láidir chuimsitheach a chothú, tugaimid cumhacht dár ndaoine go léir a gcuid buanna agus dearctaí uathúla a chur ar fáil. Trí infheistiocht leanúnach i bhfoghlaím agus i bhforbairt, cuirfidim feabhas leanúnach ar ár gcumas comhchoiteann, ag cinníú go bhfanfaimid lúfar agus nuálaioch i ndomhan dinimiciúil.

### Conclúid

Tugtar léargas cuimsitheach sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar ghníomhaíocht CNCC i rith 2023. Tá an CNCC dionghbáilte ina thiomantas chun laghdú a dhéanamh ar na liostaí feithimh náisiúnta in ainneoin na ndúshán leanúnach cúram sláinte. Tá ár bhfoireann fós athléimneach agus dírithe ar sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár n-othar go léir agus muid ag dul i ngleic le tosaíochtáí clíniciúla agus riachtanais seirbhise.


Fiona Brady

Príomhfeidhmeannach, An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

# Príomhéacthaí 2023

## Seachadadh d'Othair Phoiblí

### PRÍOMHSTAITISTICÍ



**250,206**

eipeasóid socrainne de chúram ospidéil.

**54,102**

máinliacht agus gnáthamh.



**196,104**

comhairliúchán othar seachtrach agus diagnóisic.



In éineacht leis an RS agus FSS, d'fhorbair Plean Gníomhaíochta um Liosta Feithimh 2023.

### RÓI 'FAIR DEAL'

**422**

comhaontuithe praghsála i bhfeidhm.



**€1,139**

in aghaidh na seachtaíne – an meánphraghas aontaithe le tithe altranais.



Lean an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh a riarr (i gcomhar leis an RS agus FSS) chun tacú le tithe altranais leis na costais bhreise a eascraíonn as Covid-19.

Leanúint ar aghaidh ag riarr na Scéime Íocaíocht Boilscithe Sealadach chun tacú le tithe altranais príobháideacha agus deonacha le harduithe ar chostais fuinnimh.



## Cumarsáid Othair a Fheabhsú

### COMHOIBRIÚ



Seachadadh Tionscadal Teaghmála Othar Díreach rathúil i R4 i gcomhar le Grúpa Ospidéil Saolta agus FSS.

Ionad Glaonna Pobail a bhunú chun cabhrú le hospidéil phoiblí líon na n-othar a ghlacann le tairiscint ar sheachfhoinsíú othar seachtrach a mhéadú.




Feabhsaíodh an Córás Bainistíochta Rochtana Othar (PAMS) tuilleadh, ag cur Aipeanna Bailíochtú Cliniciúil, Ionad Glaonna agus Ceannaire Grúpa Ospidéil le deais an chórais.

### CRUINNEAS OSPIDÉIL A FHEABHSÚ

Forbraíodh deais thuairiscithe feabhsaithe chun tuairisciú Liosta Feithimh don phobal a fheabhsú.

**756,744**

othair ar liostaí feithimh náisiúnta i dteagmháil le bailíochtóch chun a chinneadh an dteastaíonn rochtain ar chúram uathu fós.



**129,473**

bainte de liostaí tríd an bpróiseas bailíochtaithe seo.

# Príomhéachtaí 2023

## Oiliúint agus Forbairt

### AG SEACHADADH

Seachadadh an Clár Oiliúna & Forbartha um Bainistíocht Liosta Feithimh d’Othair Sheachtracha ar fud na n-ospidéal agus na ngrúpaí ospidéil go léir go náisiúnta.



### OILIÚINT AR LÍNE

Oibríodh le FSS agus le Grúpaí Ospidéil chun clár oiliúna ar líne a sholáthar don ardán HSeLand a dhíríonn ar bhainistíocht liosta feithimh othar seachtrach.

20 feachtas earcaíochta oscailte seachadta.



## Rialachas, Tuairisciú agus Pleanáil Straitéiseach

### INIÚCHADH OTHAR SEACHTRACH

Críochnaíodh Clár an Iniúchta 2023 “Iniúchadh ar Bhainistíocht Atreoraithe Othar Seachtrach agus an Tosaíocht Chliniciúil i gcomhréir leis an bPrótacal Náisiúnta um Bainistíocht Liosta Feithimh d’Othair Sheachtracha 2022”.



### TUAIRISCIÚ DEA-CHLEACHTAIS

Forbraíodh an tSamhail Rialachais agus tosaíodh ag obair ar an gclár ilbhíantúil chun Tuairisciú Dea-Chleachtais (BPR) a chur i bhfeidhm.

#### I measc na dtionscadal BPR ar cuireadh túis leo i mbliana tá

- Prótacal Bainistíocha Liosta Feithimh Diagnóisic Raideolaíochta.
- Athnuachan ar Phrótacl Bainistíocha Liosta Feithimh Ionscópachta IPDD & GI.
- Forbraíodh samhail tuairiscithe chun dul chun cinn a thuirisciú i gcoinne Phlean Gníomhaíochta an Liosta Feithimh 2023.

#### I measc na dtionscadal BPR a críochnaíodh tá;

- Anailís Bearna ar réimsí sonraí do BPR.
- Sainmhíníodh agus tástáladh ríomhanna meán-ama an liosta feithimh.
- Foilsíodh sonraíochtaí Sonrai Íosta Othair Sheachtracha Nua.

# Faoin gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

## Réamhrá agus Sainordú

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi lonstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 179 de 2004 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004.

### Is iad príomhfheidhmeanna an CNCC:

- 1 Socruithe a dhéanamh le daoine, cibé acu atá cónaí orthu sa Stát nó in áit eile, chun cóireáil ospidéil a sholáthar do cibé aicmí daoine a chinnfidh an tAire, ó am go ham;
- 2 Faisnéis a bhailiú, a chomhordú agus a bhailíochtú i ndáil le daoine atá ag fanacht le cóireáil ospidéil agus córais faisnéise agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na críche sin;
- 3 Comhairle a thabhairt don Aire, aon uair a éileoidh an tAire amhlaidh é nó ar a thionscnamh féin, maidir le saincheisteanna a bhaineann lena fheidhmeanna faoin Airteagal seo; agus
- 4 Aon fheidhm eile a chomhlíonadh i ndáil le cóireáil ospidéil a cheannach a fhéadfaidh an tAire a shannadh dó ó am go ham.

Ina theannta sin, leasaigh an tAcht um Scéim Tacaíochta Tithe Banaltrais, 2009 an tOrdú Bunaíochta chun an cuspóir breise seo a leanas a chur san áireamh:

- 5 Chun socruithe a dhéanamh le duine a mheasann sé/sí a bheith cuí, is é sin dílseánach thí altranais, a bhaineann leis an bpraghás ar a soláthróidh na daoine sin a dteastaíonn seirbhísí den sórt sin uathu seirbhísí cúram chónaithe fhadtéarmaigh, agus atá ag fáil tacaíochta airgeadais faoin Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Banaltrais 2009.



# Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna Corparáideacha

**Agus Plean Straitéiseach CNCC 2023 – 2025 á fhorbairt, rinneadh athbhreithniú ar Ráitis Mhisin agus Físe na heagraíochta. Cabhróidh an Misean agus an Fhís athluaithe le soiléireacht na críche agus an fhócas a chinntiú don eagraíocht agus dá foireann agus le cur síos a dhéanamh ar an todhchaí uaillmhianach ina bhfuil ról lárnach ag an CNCC maidir le seachadadh.**

## Ráiteas Misin


Is é an misean atá againn ná rochtain daoine ar sheirbhísí cúram sláinte a fheabhsú. Déanaimid é seo trí chóireálacha a shocrú, faisinéis liostaí feithimh dearbhaithe go neamhspleách a sholáthar, córais agus próisis a fhorbairt a chuidíonn le hathchóiriú an chórais sláinte, praghsanna do chúram tí altranais a chaibidiú, agus sainchomhairle a sholáthar don Aire Sláinte.

## Ráiteas Físe

Is í an fhís atá againn ná go mbeidh rochtain ag daoine ar sheirbhísí ospidéil agus tithe altranais nuair a bhíonn siad de dhíth orthu.

## Luachanna

Tá na luachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca ag obair an CNCC:



# Rialachas agus Struchtúr

## Ár mBord

**Ceapann an tAire Sláinte comhaltaí an Bhoird de réir lonstraim Reachtúil 179/2004 – An tOrdú um Bhunú an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála 2004. Tá naonúr comhalta ar an mBord, agus ceapann an tAire duine acu mar Chathaoirleach.**

## Comhaltas an Bhoird



**Don Gallagher**  
*Cathaoirleach*

Ceaptha ina Chathaoirleach an 2 líil 2021. Faoi láthair tá sé ina Chomhalta Boird de Chomhairle an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais. Iar-Phríomhfeidhmeannach an Údarás Árachais Sláinte. Iar-Leas-Uachtarán Sinsearach agus Stiúrthóir Bainistíochta ar oibróchtaí Canada Life Financial Corporation i gCeanada agus in Éirinn/ an Ghearmáin agus ina dhiaidh sin ina Phríomhfigeach Feidhmiúcháin ar MetLife Europe.



**Valerie Bowens**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 25 Bealtaine 2023. Faoi láthair Comhalta de Chomhairle an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, Comhalta de Choiste lompair Ghairmiúil Chumann Cógaiseoirí na hÉireann, Binse Araónacha Liachleachtóirí Dlí, agus Coiste Iníúchóireachta na Seirbhise um Cheapacháin Phoiblí, chomh maith le Stiúrthóir ar roinnt gnólachtaí rialálte seirbhísí airgeadais. Iar-Chathaoirleach ar NSAI Inc, comhlacht deimhniúcháin SAM, Stiúrthóir NSAI, Stiúrthóir Cuideachta Cúitimh Infheisteoirí DAC, agus Stiúrthóir ar an Institiúid um Chomhlíonadh. I measc na ról feidhmiúcháin bhí Stiúrthóir Bainistíochta ar ghnólacht seirbhísí airgeadais domhanda, Stiúrthóir ar ghnólacht comhairleach dlí, agus ról Sinsearach um Chomhlíonadh, Riosca agus Rialála.



**Dónall Curtin**  
*Cathaoirleach an Coiste Iníúchóireachta & Riosca*

Ceaptha ar Bhord CNCC an 24 Márta 2021. Cuntasóir, stiúrthóir boird agus ceannaire gnó a bhfuil taithí aige a bhfuil cúrla aige in Airgeadas, Rialachas Corparáideach, Iníúchadh agus Bainistíocht Riosca agus a bhfuil taithí fhairsing aige san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. I measc stiúrthóireachtaí an Bhoird tá Green Effects Investments plc, Fáilte Ireland, Oifig Soláthair an Rialtais, Coláiste na hÉireann Leuven, Pallas Projects, srl. Bunaithe ar cheann de phríomhchleachtais chuntasaíochta na hÉireann.



**Sarah Johnson**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 3 Meitheamh 2021. Aturnae de réir gairme agus iarchompháirtí i ngnólacht dlí i mBaile Átha Cliath a dhíríonn ar chonarthaí poiblí agus ar sholáthar, chuir Sarah comhairle ar chliaint maidir lena bhfeidhmeanna reachtúla agus saincheisteanna gaolmhara dlí agus rialála, go háirithe san earnáil sláinte.



**Dr Fiona Kiernan**

*Cathaoirleach an Choiste um Chúram Othar*

Ceaptha ar Bhord CNCC an 28 Feabhra 2023. Faoi láthair Ceann Frithgheallta Saoil & Sláinte agus Éilimh ar Mhór-Roinn na hEorpa ag Swiss Re. Cúlra sa leigheas agus san eacnamaíocht araon, agus chleacht sí leigheas ar feadh sé bliana déag, lena n-áirítear seacht mbliana mar chomhairleoir in Ospidéal Beaumont. Ceaptha ar Údarás an Údarás Rialála Táirgí Sláinte in 2022. Iarchomhalta de Bhord Stáit an Údarás Árachais Sláinte ó 2016 go 2021.




**Gerry Quinn**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 28 Feabhra 2023. Comhalta de Choiste Iniúchóireachta & Riosca CNCC. Iar-Phríomhoifigeach Faisnéise in Eircom. Iar-CIO, Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Príomhoifigeach Claochlaithe an Bhainc Ceannais (2010-2023). Ollaimh Taca an Scoil Ghnó UCC (2016-2022). Faoi láthair tá sé ina chomhalta Boird de Tailte agus ina bhall de Choiste Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Airgeadais.



**Niall Quinn**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 25 Bealtaine 2023. Abhcóide cleachtach agus Idirghabhálaí Creidiúnaithe ag obair ar Chiorcaid Bhaile Átha Cliath, an Tuaiscirt, an Oirthir agus Lár na Tire. Iar-Uachtaráin Institiúid Caidrimh Phoiblí na hÉireann (PRII) agus Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Chumann na gComhairleoirí Caidrimh Phoiblí. Léachtaí á thabhairt i gcumarsáid straitéiseach agus stiúrann sé clár deimhníúcháin ghairmiúil PRII i saincheisteanna agus cumarsáid ghéarchéime, chomh maith le bheith ag gabháil do thascanna cumarsáide straitéisí.



**Donna Roche**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 24 Mártá 2021. Bhainistigh sí dhá ospidéal phríobháideacha ar leith in Éirinn roimhe seo. Faoi láthair tá sí ina Stiúrthóir ar Bhord Fondúireacht Cope, eagraíocht dheonach neamhbhrabúis san earnáil mhíchumais agus ina Leas-Chathaoirleach Reatha ar Cope a toghadh i mBealtaine 2021. Iar-Chathaoirleach ar Chumann Ionscopachta na hÉireann ar feadh seacht mbliana.



**Martin Sisk**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 2 Iúil 2021. Aturnae de réir gairme, d'fhón sé mar Chláraitheoir na gCara-Chumann ar feadh breis agus 18 mbliana agus ina dhiaidh sin i roinnt róil shinsearacha i mBanc Ceannais na hÉireann ar feadh breis agus 7 mbliana. Iar-Chathaoirleach ar VHI Healthcare agus comhalta Boird den Údarás um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte (HIQA).

# Comhaltaí Boird ar chríochnaigh a dTéarmaí Oifige le linn 2023

**Dr Terry McWade**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 28 Feabhra 2014 agus ag freastal ar théarmaí an 27 Feabhra 2023. Iar-Phríomhfeidhmeannach Choláiste Ríoga na Lianna. Príomhfeidhmeannach reatha agus Comhbhunaitheoir Valitacell, cuideachta Briteicneolaíochta luathchéime. Iar-POF Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, POF Exceptis Technologies, Príomhoide sa Boston Consulting Group (Londain), agus POF Servier Laboratories (An Danmhairg). Stiúrthóir ar an Institiúid Baincéireachta faoi láthair. Iar-Stiúrthóir ar Chumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann, Leas-Chathaoirleach ar Ospidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath agus Cathaoirleach ar an Tionscnamh Eorpach Vacsaín. Feidhmíonn sé ar Choiste Iníúchóireachta agus ar Choiste Clárúcháin agus Cleachtas Leanúnaigh Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus ar chomhalta de Bhord Seirbhísí Ospíse agus Cúram Mhuire. Faoi láthair Stiúrthóir Cairte IOD.

**Patricia Byron**

Ceaptha ar Bhord CNCC an 25 Bealtaine 2017 ag freastal ar dhá théarma go dtí an 25 Bealtaine 2023. Ról shinsearacha feidhmiúcháin san earnáil árachais agus seirbhísí airgeadais gaolmhara le breis agus 25 bliain. Iar-Phríomhfeidhmeannach agus céad POF an Bhoird Measúnaithe Diobhálacha Pearsanta (PIAB). Iar-Chathaoirleach ar Bhiúró Árachóirí Mótair na hÉireann agus ar Chomhlachas Phríomhfeidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit. Faoi láthair feidhmíonn sé ar Bhord Choimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann, tá sé ina chathaoirleach ar roinnt coistí Iníúchóireachta san earnáil phoiblí, lena n-áirítear an Róinn Airgeadais.

**Patrick Gibbons**


Ceaptha ar Bhord CNCC an 28 Feabhra 2014 agus ag feidhmiú ar théarmaí go dtí an 27 Feabhra 2023. Aturnae de réir gairme agus faoi láthair Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin lánaílseartha, neamhspleách ag fónamh ar bhoird i seirbhísí airgeadais, san earnáil Stáit agus ar chomhlacht trastearann, lena n-áirítear ar roinnt Coistí Iníúchóireachta & Riosca. Chaith sé cuid mhór dá ghairm bheatha ag speisialú i gcomhlionadh dlí agus rialála, rialachas corparáideach, agus bainistíocht riosca i ról shinsearacha i roinnt cuideachtaí seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta ceannródaíocha.

**Anne Stewart**

Ceaptha ar Bhord NTPF den chéad uair an 25 Bealtaine 2017. Críochnáodh an téarma oifige an 25 Bealtaine 2023. Faoi láthair is Ard-Rúnaí Cúnta í – ina Ceann ar Bheartas Soláthair Phoiblí, Seachadadh Seirbhíse agus Digiú leis an Oifig um Sholáthar Poiblí. Iar-Stiúrthóir Soláthair ag Uisce Éireann agus ról shinsearacha feidhmiúcháin i soláthar ar fud roinnt tionscal ag leibhéal Domhanda agus Áitiúil le breis agus 30 bliain. Comhalta d'Institiúid na hÉireann um Cheannach agus Bainistíocht Slabhra Soláthair.

# Coistí CNCC

Tá dhá Choiste bunaithe ag Bord an CNCC: coiste Iniúchóireachta & Riosca agus Coiste um Chúram d'Otherair.



## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh Bord an CNCC Coiste Iniúchóireachta agus Riosca mar Phriomhchoiste den Bhord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlónadh.


Is í príomhfheidhm an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna suntasacha tuairiscithe airgeadais agus ar bhreithiúnais a rinneadh maidir le ráitis agus tuarascálacha airgeadais an CNCC, agus athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme agus éifeachtacht a rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta (lena n-áirítear córais arna mbunú ag an mbainistíocht chun príomhrioscaí airgeadais agus oibriúcháin a shainaith, a mheasúnú, a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, ag cur príomhchuspóirí an CNCC san áireamh mar atá sa Phlean Straitéiseach).

## Coiste um Chúram d'Otherair

Bhunaigh Bord an CNCC Coiste um Chúram d'Otherair chun maoirseachta agus dúshlán a sholáthar maidir le gnéithe cáilioghta, bainistíocha riosca agus sábháilteachta cúram otherair mar atá ábhartha le bainistiú ag an CNCC. Déileáinn obair an Choiste go príomha le feidhm coimisiúnaithe na heagraíochta nuair a shocraíonn sé cóireáil ospidéil a sholáthar d'otherair ospidéil phoiblí. Déanann an Coiste a dhícheall ardchaighdeáin seirbhísé a leabú de réir fheidhm coimisiúnaithe an CNCC agus ar deireadh thiar feabhas leanúnach cáilioghta a chinntí i ngach gné de sholáthar seirbhísé de réir na feidhme coimisiúnaithe.

# An Fhoireann Feidhmiúcháin

Tá foireann Feidhmiúcháin an CNCC comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannach a cheapann an Bord agus a fhaigheann tacaíocht ó Stiúrthóirí i gcúig réimse feidhme mar atá leagtha amach thíos.



# An Fhoireann Feidhmiúcháin



**Fiona Brady**  
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Cuireadh tú斯 léi mar Phríomhfheidhmeannach ar an CNCC an 3 líl 2023. Iar-Phríomhfheidhmeannach Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha agus Ospidéal Contae Lú ó Aibreán 2018 i leith. Roimh 2018, bhí post aige mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ospidéal Mhuire Lourdes agus Chontae Lú agus roimhe sin d'oibrigh sí ar na cláir Náisiúnta um Chúram Cliniciúl don Chlár Míochaine Éigeandála. Tá MSc sa Cheannaireacht, Institiúid Ceannaireachta an RCSI, BSc i mBainistíocht Altranais, ó RCSI freisin aici agus cháiligh sí le déanaí mar Chóitseálaí agus Meantóir gairmiúil ó Choláiste Bhaile an Rí, Baile Átha Cliath.



**Sean Flood**  
*Stiúrthóir Airgeadais*

Chuaigh sé isteach san CNCC mar Stiúrthóir Airgeadais i mí Eanáir 2018. Ceaptha mar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 2 líl 2023. Cuntasóir de réir gairme, róil ardbhainistíocha a bhí ag FSS agus Ospidéal San Séamas roimhe seo. Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn. Tá Máistreacht i mBainistíocht agus Feidhmchlár TF sa Chuntasáiocht aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



**Eoin Darcy**  
*Stiúrthóir TFC*

Chuaigh sé isteach sa CNCC mar Stiúrthóir TFC in 2018. Taithí fhairsing ag obair ar fud na dtionscal rialaithe próisis, slándála TF, cumarsáide agus cúram sláinte ag speisialú i bhforbairt bogearraí, bainistíocht tionscadail, bainistíocht clár agus oibríochtaí TF. Rinne sé staidéar ar Innealtóireacht Leictreach/Leictreonach in ITBÁC (Ollscoil Theicneolaíoch Bhaile Átha Cliath anois). Tá B.Sc. (Innealtóireacht) agus Dioplóma Onóracha san Innealtóireacht Leictreach/Leictreonach aige.



**Alison Green**  
*Stiúrthóir um Rialachas & Athchóiriú Liosta Feithimh*

Chuaigh sí isteach san CNCC mar Stiúrthóir um Nuálaíocht Próisis in 2016. Cuireadh tú斯 le ról an Stiúrthóra um Rialachas & Athchóiriú Liosta Feithimh in 2022. Iar-Stiúrthóir Iníúcta Eatramhach CNCC, Dearbhú Cáilíochta agus Taighde. Speisáltóireacht i mBainistíocht Liosta Feithimh agus bhí róil bhainistíocha shinsearacha aici in Ospidéal Ollscoile an Mater agus in Ospidéal Uí Chonghaile i mBaile Bhláinséir. Tá MSc i gCeannaireacht Ghnó aige ó Scoil Ghnó Smurfit, UCD, Dioplóma in Airgeadas do Bhainisteoirí Neamhairgeadais, agus BSc i mBainistíocht Seirbhísé Sláinte.





**Eamonn Horgan**  
*Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha*

Chuaigh sé isteach sa CNCC mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in 2018. Ceaptha mar Rúnaí an Bhoird in 2019. Róil shinsearacha roimhe seo sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha lena n-áirítear an túdarás Árachais Sláinte agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ag carnadh taithí fhairsing i rialachas Boird agus corporáideach, airgeadas, soláthar poiblí, bainistíocht acmhainní daonna agus riarrachán oifige. Tá cáilíochtaí BSc, MSc agus iarchéime i gCuntasáiocht agus Airgeadas (ACCA), Bainistíocht Phoiblí (OÉ), Rialachas Corparáideach (UCD) agus Bainistíocht Acmhainní Daonna (OÉ).



**Bernadette Weir**  
*Stiúrthóir Coimisiúnaithe*

Cuireadh tú斯 le ról an Stiúrthóra Coimisiúnaithe in 2023. Éascaíodh breis agus 500,000 othar rochtain ar chúram sláinte. I measc na ról shinsearacha roimhe seo san CNCC tá Ceann Coimisiúnaithe ó cuireadh ar ais é in 2017, agus Párola. Tá BA aige ó Ollscoil Luimnígh agus MA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



# Stiúrthóireachtaí CNCC

## Coimisiúnú

Tá an Stiúrthóireacht Coimisiúnaithe freagach as cóireáil ospidéil a shocrú do dhaoine ar liostaí feithimh phoiblí, rochtain daoine ar sheirbhísí cúram sláinte a fheabhsú. Glacann an stiúrthóireacht cur chuige lúfar ina leith seo trí úsáid a bhaint as acmhainn phróbháideach trí Phainéal Soláthraithe Ospidéil Próbháideacha agus trí mhaoniu a sholáthar d'ospidéil phoiblí chun cóireáil a chur ar othair bhereise intí. Maoíníonn an Stiúrthóireacht cóireáil d'othair ar an Liosta Feithimh d'Othair Sheachtracha trí phacáistí iomlána cúraim a sholáthar agus d'othair ar Liosta Feithimh ar Chásanna Lá na nOther Cónaitheach trí liosta nósanna imeachte.

Chomh maith le cúram sláinte a choimisiúnú d'othair ar liostaí feithimh náisiúnta, glacann an Stiúrthóireacht Coimisiúnaithe páirt ghníomhach in athchóiriú agus nuálaiocht um sholáthar seirbhísí cúram sláinte ar fud na hearnála cúram sláinte. Oibríonn an Stiúrthóireacht i gcomhar le FSS agus leis an Roinn Sláinte chun leibhléil inbhuanaithe de chóireálacha breise othar a uasmhéadú i rith na bliana. In 2023 d'éirigh leis an bhfoireann tionscadal mórscaíla a chur i gcrích i gcomhar le Grúpa Ospidéil Saolta chun lón na n-other a ghlacann le tairiscint seachfhoinsithe ó larthar agus larthuaiseocheart na hÉireann a mhéadú.

Tá an Stiúrthóireacht Coimisiúnaithe comhdhéanta de shaineolaithe cúram sláinte agus soláthair ó chúlraí riarracháin agus cliniúla araon. Is minic a iarrtar ar a saineolas comhairle agus eolas a thabhairt do straitéis, do bheartais agus do phrótagail, go hinmheánach le comhghleacaithe CNCC agus le páirtithe leasmhara seachtracha ar fud na hearnála cúram sláinte.

## Airgeadas agus Fair Deal

### Airgeadas

Tá an Stiúrthóireacht Airgeadais freagach as bainistiú agus as maoirseacht agus dearbhú a sholáthar do POF agus do Bhord an CNCC maidir le hoibríochtaí airgeadais na heagraíochta agus gach gníomhaíocht a bhaineann le bainistiú na feidhme airgeadais laistigh den CNCC.

Déanann an Stiúrthóireacht Airgeadais a sainchúram a chomhlíonadh trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

- Ráitis Airgeadais Bhiantúla agus rannpháirtíocht le C&AG
- Iniúchadh Inmheánach ar Ráiteas Rialuithe Inmheánacha agus rannpháirtíocht le hiniúchór inmheánach
- Bainistíocht Chisteáin & Airgid lena n-áirítear le NTMA
- Párolla
- An Rúnaíocht don Choiste Iniúchóireachta & Riosca
- Cuntais Bhainistíocha Mhíosúla
- Socrú buiséid agus monatóireacht
- Tacaíocht ghnó lena n-áirítear PQs agus SF

### Fair Deal

Bainistíonn an Stiúrthóireacht feidhm CNCC faoin Scéim Fair Deal, lena mbaineann socrutithe a dhéanamh le Tithe Altranais (422 san iomlán) maidir leis an bpraghais ar a gcuirfear seirbhísí cúraim chónaithe fhadtéarmaigh ar fáil faoin scéim, ag cuidiú lena chinntíú go bhfuil rochtain ag daoine ar sheirbhísí tithe altranais de réir mar is gá dóibh.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Is é ról na Stiúrthóireachta um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) réitigh agus seirbhísí TF a sholáthar chun freastal ar riachtanais CNCC. Déantar é seo a bhainistiú trí thrí fhoireann:

- Anailís, Tuairisciú agus Forbairt Sonrai;
- Oibríochtaí, Bonneagar agus Slándáil; agus
- Cáiliocht agus Tástáil Sonrai.

Tá an Stiúrthóireacht freagach as sonraí liosta feithimh othar cónaitheach, cásanna lae agus othar seachtrach a bhailiú, a chomhthiomsú agus a thuairisciú. Gintear tuarascálacha mionsonraithe do pháirtithe leasmhara a sholáthraíonn an fhaisnéis atá riachtanach do Bhainistíocht Liosta Feithimh agus do phleanáil Acmhainne agus Éileamh i ngach ceann de na hospidéil. Foilsítear Tuarascálacha an Liosta Feithimh Náisiúnta freisin ar shuíomh gréasáin an CNCC gach mí tríd an bPainéal Tuairiscithe Feabhsaithe

Áiríonn na sonraí liostaí feithimh a fuarthas ó ospidéil an Córás Bainistíocha Rochtana Other (PAMS) a úsáidtear chun feidhm Choimisiúnaithe na heagraíochta a bhainistiú agus cóireálacha á socrú aici agus an Córás Méadrachta Poist a úsáidtear chun feidhm bhailíochtaithe othar riarracháin na heagraíochta a chomhlíonadh.

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht TFC na seirbhísí sonraí agus anailísíochta, bonneagar TF, córais slándála, córais chumarsáide, agus seirbhísí tacáiochta TF atá mar bhonn agus mar thaca ag obair uile CNCC.

# Stiúrthóireachtaí CNCC

## Rialachas agus Athchóiriú an Liosta Feithimh

Bunaíodh an Stiúrthóireacht um Rialachas agus Athchóiriú an Liosta Feithimh (WLGR) laistigh den CNCC i mBealtaine 2022 chun tacú leis an eagraíocht ceann dá príomhról a sheachadadh, chun sonraí liosta feithimh ospidéil a bhailiú, a chomhordú agus a bhailíochtú. Tá Stiúrthóir WLGR i gceannas ar an Stiúrthóireacht maidir le rialachas agus athchóiriú liostai feithimh a chur chun cinn agus a chothabháil, trí thrí fheidhm eagraiochtúla a obriú agus a sheachadadh.

Feidhmeanna Eagraíochta laistigh de WLGR:

- Iniúchadh agus Dearbhú Cálíochta (AQA)
- Bailíochtú Riarachán
- Athchóiriú an Liosta Feithimh (WLR)

## Iniúchadh agus Dearbhú Cálíochta

Is é cuspóir na gclár iniúchóireachta iniúchadh a dhéanamh ar liostaí feithimh ospidéil phoiblí lena chinntíú go bhfuil aighneachtaí sonraí liosta feithimh chuig an NTPF ag comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe náisiúnta um Thacar Sonraí Íosta (MDS) agus go bhfuil cleachtais bhainistíochta liostaí feithimh ospidéil ag comhlíonadh protácaill náisiúnta bainistíochta liosta feithimh. Cuidionn sé seo le dearbhú maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí a chuireann ospidéil isteach.

## Bailíochtú Riarachán

D'fhorbair agus caighdeánaíodh an fheidhm bhailíochtaithe riarrachán cláir bhailíochtaithe liosta feithimh othair chónaitheacha agus cásanna lae agus cinntíonn sé go ndéantar teagmháil go rialta le hothair ar liostaí feithimh ospidéil go náisiúnta, atá ag feitheamh ar rochtain ar chúram ar feadh tréimhsí fada, lena fháil amach an bhfuil siad réidh nó nach bhfuil, toilteanach agus ar fáil freastal ar chúram ospidéil.

## Athchóiriú an Liosta Feithimh

Tá WLR i gceannas ar obair an CNCC maidir le próisis agus córais oibriochtúla a fhorbairt agus a chothabháil i ndáil le bainistiú liostai feithimh laistigh den CNCC, agus sa chórás sláinte níos leithne go náisiúnta. Mar thoradh ar na próisis agus na córais seo a fheabhsú beidh faisnéis othair ar ardchaighdeán níos fearr, rialachas feabhsaithe agus caighdeán náisiúnta, éifeachtúlachtaí oibriochtúla, agus cothromas rochtana.

Déanann WLR a chuspóirí a bhaint amach trí:

- Tionscadail náisiúnta agus inmheánacha CNCC a threorú agus a sheachadadh.
- Cláir oibre náisiúnta a threorú agus a sheachadadh.
- Athrú próisis a laghdú agus caighdeánú próisis a chur chun cinn Sainaithint sóisialú agus smaointe nua a thástáil.
- Athrú inbhuanaithe a threorú, tionchar a imirt air, a chur i bhfeidhm agus a leabú.
- Foghlaim, saineolas agus teicnící a roinnt trí Fhoirne Uirlisí agus trí Chláir Oiliúna agus Forbartha struchtúrtha.
- Imeachtaí Nuálaíochta na hEarnála Sláinte a óstáil agus a éascú.

## Seirbhísí Corparáideacha

Oibríonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha lena chinntíú go bhfuil oibriochtái corparáideacha, struchtúir, próisis agus córais i bhfeidhm chun tacú leis an eagraíocht an Straitéis Chorparáideach a sheachadadh. Tá feidhmeanna ag an Stiúrthóireacht maidir le hacmhainní daonna, rialachas corparáideach, saoráidí, soláthar agus réimsí oibriúchán eile.

Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha le hobair an CNCC agus cuireann sí eolas uirthi trí straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht a chothú agus a chumasú do dhaone aonair cumasacha tiomanta. Ina theannta sin, cinntíonn sé go bhfuil timpeallacht oibre chuí ann le hoifigí, áiseanna, agus trealamh oiriúnach. Anuas air sin, tugann an Stiúrthóireacht tacaíocht d'fhoireann an CNCC trí bheartais agus nósanna imeachta iomchuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, trí shócmhainní na heagraíochta a chosaint agus trí luach ar airgead a áiritíú maidir leis an gcaiteachas dá cuid.

# Cuspóirí agus Gnóthachtálacha Straitéiseacha

Le linn 2023, d'fhorbair an Bord a Phlean Straitéiseach do 2023-2025. Agus an Plean Straitéiseach á fhorbairt don tréimhse 2023-2025, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin fairsing, le príomhionchur ó Fheidhmeannacht agus Bord an CNCC, baill foirne, páirtithe leasmhara seachtracha sa chóras cúram sláinte agus ionadaithe othar.


Léiríonn ár straitéis nua na pléiti seo agus tá sí fós ailínithe lenár sainchúram reachtach. Aithníonn sí freisin nach mór dúinn ár bpróisis, ár goórais a fheabhsú go leanúnach agus ár ndaoine a chumasú chun dearschaiteacht eagraiochtúil a thógáil.

Táimid tar éis a chinntiú go bhfuil ár straitéis ailínithe le hathruiithe atá ag tarlú ar fud an chórais cúram sláinte, mar chur i bhfeidhm Sláintecare agus forbairt cúram sláinte comhtháite in Éirinn.

Trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála i spiorad comhairliúcháin, comhoibrithe agus comh-mheas, táimid muiníneach gur féidir linn ár misean a chomhlíonadh maidir le rochtain ar sheirbhísí cúram sláinte a fheabhsú thar na trí bliana amach romhaínn.

Leagann an Plean amach cuspóirí agus gníomhaíochtaí pleánaithe na heagraíochta thar na trí bliana a léirítear sna cúig sprioc straitéiseacha ar ghlac an Bord leo.

## Ionchuir Straitéise



**CNCC**  
**Plean Straitéiseach**

**2023-2025**

# Ár Spriocanna Straitéiseacha

## Sprioc Straitéiseach 2

### Cúram tí altranais ar phraghas cuí.

Praghsáil chuí a bhaint amach do chóram cónaitheach fadtéarmach, lena gcumasófar luach ar airgead agus acmhainn leordhóthanach, trí idirheartaíocht le tithe altranais príobháideacha agus deonacha.



## Sprioc Straitéiseach 3

### Éifeachtúlacht trí sármhaitheas sonraí.

Faisnéis liostaí feithimh a chomhthiomsú, a bhailíochtú agus a fhoilsíú chun pleanáil na seirbhísé sláinte a fheabhsú.



## Sprioc Straitéiseach 1

### Rochtaín tráthúil ar chóram cui.

Cóireáil dearbhaite cailíochta a shocrú d'othair ar bhealach éifeachtach.



## Sprioc Straitéiseach 5

### Sármhaitheas Eagraíochtúil.

Eagraíocht láidir, athléimneach agus chuimsitheach a chruthú ina bhfuil cumhacht ag ár ndaoine agus ina gcuirtear feabhas leanúnach ar ár gcumas.



## Sprioc Straitéiseach 4

### Tionchar ar an gcóras sláinte trí chomhairle shaineolach.

A bheith ina ghuth neamhspleách, iontaofa agus saineolach laistigh den tseirbhís sláinte a thugann comhairle agus tacáiocht don Aire.





# Seachadadh oibriúcháin ar aon dul lenár Spriocanna Straitéiseacha

## Sprioc Straitéiseach 1

### Cóireáil dearbhaithe cáilíochta a shocrú d'othair ar bhealach éifeachtach.

Agus ár misean á chomhlíonadh aige, comhoibríonn an CNCC le ospidéil chun othair a aimsiú a fhanann is faide ar liostáí feithimh ospidéil phoiblí. Trí ghiaráil acmhainn atá ar fáil ar fud an chórais, ceannaímid cóireáil go díreach dóibh. Ní hamhán go bhfeabhsaíonn an cur chuige seo rochtain daoine ar sheirbhís cúram sláinte ach maolaíonn sé brú an chórais trí liostáí feithimh a chraphadh.

Le linn 2023, leithdháileadh maoiniú €150m ar an CNCC chun aghaidh a thabhairt ar liostáí feithimh, ag socrú cóireála d'othair ar an othar cónaiteach, cás lae, Scóip GI agus liostáí feithimh othar seachtrach. I rith 2023 fuair an CNCC leithdháileadh breise de €40m chun an obair seo a sheachadadh tuilleadh.

Le linn 2023, bhí coimisiúnú othar seachtrach do phacáistí iomlána cúram mar phríomhthosaíocht ag an CNCC. Athbhreithníodh gach ceann de na 12 phacáiste cúram speisialtachta d'othair sheachtracha chun eispéireas an othair a fheabhsú agus chun lín na gcuairteanna ospidéil a theastaíonn chun diagnóisic agus measúnú réamhobráide a dhéanamh a laghdú. Chun tacú le foinsíú allamuigh othar seachtrach, agus chun an taithí cóireála a fheabhsú d'othair atá ag fanacht le nós imeachta, rinneadh athbhreithniú agus feabhsú ar na 20 pacáiste cúram gnáthamh IPDC is fearr freisin. Mar thoradh ar an gcleachtadh seo tháinig méadú ar acmhainn san earnáil phríobháideach le haghaidh comhairliúcháin agus gnáthaimh othar seachtrach.

San iomlán, shocraigh nó mhaoinigh an NTPF 250,206 seirbhís cúram sláinte in 2023. Tá sonraí ar fáil i dTábla 1.

#### Gnáthaimh Socraithe

Baineann obair an CNCC le máinliachta agus gnáthaimh a shocrú do dhaoine ar liostáí feithimh poiblí. Is féidir a fheiceáil i dTábla 1 gur shocraigh an CNCC máinliacht agus gnáthaimh do 54,102 othar (19,564 Scóip GI agus 34,538 gnáthamh IPDC). Socraíodh iad seo in 20 n-ospidéil príobháideacha agus 39 ospidéal poiblí ar fud oileán na hÉireann. San iomlán, rinneadh socraithe maidir le breis is 100 cineál de ghnáthaimh leighis tríd an CNCC in 2023. Tá achoimre ar na gnáthaimh is airde toirte ar socraíodh cóireáil ina leith leagtha amach i dTábla 2.

**Tábla 1 | Seirbhís Ospidéil Socraithe in 2023**

Cur Síos	Lón Eipeasóid Othar
Tairiscintí a nGlahtar leo & Othair a chur ar Fionaí (máinliacht agus gnáthaimh gan Scóip GI san áireamh)	34,538
Tairiscintí a nGlahtar leo & Othair a chur ar Fionaí (Scóip GI)	19,564
Coinní OPD socraithe/Tairiscintí Glaetha	103,046
Údaruithe le haghaidh Diagnóisic a Úsáideadh	93,058
Lón iomlán Eipeasóidí Othair	250,206




**Tábla 2 | Gnáthaimh Socruithe in 2023**

Cur Síos	Lón na Tairiscintí a nGlahtar leo
Scóip G.I	19,564
Máinliacht Catarachta	7,725
Cisteascópachtaí	2,099
Athchur Alt	1,666
Angagraim	930
Loit	2,630
Céislíneachtóimí	751
Féitheacha Borrha	1,071
Colaicisteachtóimí Laparascópacha	828
Seipteaplaistí	316
Maxillo-aghaidhe	356
Histireascópacht	395
Laparascópacht (Gínéiceolaíocht)	555
Histireachtóime abdómanach iomlán	516
Deisiú Heirne Bhléineach	405
Eile	14,295
<b>iomlán</b>	<b>54,102</b>

## Sprioc Straitéiseach 1 (ar lean)

### Gluaiseachtaí Liostaí Feithimh in 2023

Tá laghdú seasta tagtha ar líon na ndaoine ag feitheamh níos faide i rith na bliana do na trí (3) liosta feithimh gníomhacha.




## Spríoc Straitéiseach 1 (ar lean)


### Glúiseachtaí Liostaí Feithimh in 2023

Tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine ag feitheamh níos faide i rith na bliana do na trí (3) liosta feithimh gníomhacha.


**Cairt 4 | Comparáid IPDC - Daoine ag Feitheamh le Fada**



**Cairt 5 | Comparáid Scóipeanna- Daoine ag Feitheamh le Fada**



**Cairt 6 | Comparáid OP - Daoine ag Feitheamh le Fada**



## Sprioc Straitéiseach 2

**Praghsanna cuí a bhaint amach do chúram cónaitheach fadtéarmach, a chumasóidh luach ar airgead agus toilleadh dóthanach, trí idirbheartaíocht le tithe altranais príobháideacha agus deonacha.**

### Scéim Tacaíochta Tithe Altranais

Is é ról an CNCC maidir leis an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais ná dul i mぶn caibidíocha le húinéirí tithe altranais príobháideacha agus deonacha agus socruite a dhéanamh leo maidir leis na huasphraghsanna a d'fhéadfáí a ghearradh faoin Scéim, ag cuidiú lena chinntí go mbíonn rochtain ag daoine ar sheirbhísí tithe altranais nuair a bhíonn siad de dhíth orthu.

Leagtar amach in Alt 40 den Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Banaltrais 2009:


*"Déanfaidh an tAire, a lualthe is indéanta, trí fhógra i scribhinn, duine a ainmní Chun dul i mぶn caibidíocha le daoine a sheolann gnó tí banaltrais chun teacht ar chomhaontú dá dtagraítear sa mhíniú ar teach banaltrais ceadaithe."*

Ainmníodh an CNCC mar an duine corporáideach sin. Tá foráil san Acht freisin maidir le scrídú a dhéanamh ar thaifid agus ar chuntais tithe banaltrais rannphárteacha:

*"Le linn dó a fheidhm a chomhlónadh féadfaidh an Bord taifid agus cuntas tí banaltrais cheadaithe nó teach banaltrais a bhfuil sé beartaithe ag a dhílseánach socruite a dhéanamh faoin scéim a scrídú."*

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil ról an CNCC teoranta do phraghsanna a idirbheartú le dilseánaigh tithe altranais príobháideacha agus deonacha. Is ar FSS atá an fhreagracht as riarradh na Scéime, as costais tithe altranais poiblí, as próiseáil iarratas agus as bainistíocht ghinearálta chiste Fair Deal.

Déantar socruite praghsála le tithe altranais príobháideacha, ar mian leo a bheith san áireamh leis an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais, a chur go foirmiúil i scribhinn i nGníomhas Comhaontaithe idir an CNCC agus dilseánach(aigh) an tí altranais.



Is é cuspóir an CNCC praghas a chomhaontú le gach teach altranais a thairgeann luach ar airgead don Stát ag feáchaint do na critéir seo a leanas:

- na costais a thabhaíonn an teach go réasúnach agus go stuama agus fianaise ar luach ar airgead;
- praghas/praghsanna a gearradh roimhe seo;
- praghas an mhargaidh áitiúil; agus
- srianta buiséadacha agus an oibleagáid a chuirtear ar an Stát chun na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun sláinte agus leas an phobail a fhéabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Is leis an teach altranais ar leith a bhíonn an idirbheartaíocht (seachas idirbheartaíocht chomhchoiteann le comhlacht ionadaíoch).

Is mian linn aitheantas a thabhairt don ghairmiúlacht agus don chírtéis a léirigh dilseánaigh tithe altranais dárionadaithe le linn idirbheartaíochtaí praghsála.

- ➊ Déanaimid idirbheartaíocht chun uasphraghas na seirbhísí cúram chónaithe fhadtéarmaigh a shocrú le gach teach altranais príobháideach agus deonach in Éirinn. I bhformhór na gcásanna tarlaíonn sé seo go bliantúil.
- ➋ Deimhnímid ansin na huasphraghsanna comhaontaithe le FSS.
- ➌ Déanann FSS íocaíochtaí go díreach leis an teach altranais ag an bpraghás comhaontaithe.

### Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealaídaigh (TAPS)

I gcéimeanna tosaigh na paindéime, bhí bearta práinneacha ag teastáil chun tacaíocht a sholáthar do thithe altranais maidir leis na brúnna costais breise a easraíonn as COVID-19. D'oibrigh an CNCC go dlúth le FSS agus leis an Roinn Sláinte agus chuaign sé i dtéagmháil le páirtithe leasmhara chun comhairle a thabhairt maidir le dearadh agus bunú Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealaídaigh. Fógraíodh an Scéim i mí Aibreáin 2020. Amhail deireadh 2023, ceadaíodh 9,234 éileamh arbh fhiú €151.2m san iomlán iad go dtí seo le híoc le tithe altranais faoin scéim. Tháinig an scéim chun críche i mí Aibreáin 2023.

### Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach (TIPS)

Ag deireadh mhí na Nollag, tá €8.5m san iomlán i leith 3,147 éileamh curtha in iúl lena n-íoc le FSS. Tháinig an scéim chun críche i mí an Mheithimh 2023.

Riarann FSS na scéimeanna a luaitear thusa agus déanann siad íocaíochtaí le Tithe Altranais. D'íarr an Roinn Sláinte ar CNCC tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil, lena n-áirítear maidir le riarrachán an phróisis iarratais.

## Sprioc Straitéiseach 3

### Faisnéis liostaí feithimh a chomhthiomsú, a bhalíochtú agus a fhoilsíú chun pleanál na seirbhíse sláinte a fheabhsú.

Tá infhaighteacht faisnéise agus tuarascálacha ardchaighdeán bunúsach do bhainistiú an chórais sláinte. Baileonn, comhordaíonn, bailíochtaíonn, analísíonn agus tuairiscíonn an CNCC ar chúram sceidealta agus ar shonraí liostaí feithimh a bhailítear ó 46 ospidéal poiblí. San iomlán, phróiseáil an CNCC 53 milliún taifead cúram sláinte agus cuireadh os cionn 25,000 tuairisc aonair ar fáil le húsáid ag FSS, ospidéil, an CNCC, an Roinn Sláinte agus páirtithe leasmhara eile. Déanann na tuarascálacha seo analís ar an liosta feithimh agus ar shonraí cúram sceidealta de réir raon paraiméadair, lena n-áirítear am feithimh, ospidéal, speisialtacht agus gnáthaimh.

Is gnóthas casta agus suntasach é bheith mar phríomhfhoinse faisnéise liostaí feithimh lena mbaineann:

- Rialachas agus caighdeánú próisis bhainistíochta liostaí feithimh, lena n-áirítear trí fhorbairt protácaill agus treoir.
- Oiliúint a sholáthar do chóras na n-ospidéil maidir le liostaí feithimh a bhainistiú agus a thuairisciú.
- Forbairt agus tacú le córais TF a fhorbairt.
- Córais shlána a sholáthar chun sonraí agus tuarascálacha a astriú chuig na hospidéil agus uathu.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh agus ar thuairisciú sonraí in ospidéil.
- Aghaidh a thabhairt ar iomláine agus ar cháiilíocht sonraí agus ag aithint agus ag tabhairt aghaidh ar aimhríaltachtaí sonraí.
- Na sonraí a fuarthas a bhailíochtú, chun a chinntí go bhfuil na hothair ar an liosta réidh, toilteanach agus ar fáil chun rochtain a fháil ar chóireáil.
- Córais shlán a thíos agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí.
- Ag plé le páirtithe leasmhara chun a chinntí go leanann tuarascálacha ar aghaidh ag freastal ar a gcuid riachtanás agus ag freastal ar iarratais ad hoc ar fhaisnéis.
- Tuarascálacha a ghiniúint agus dearbhú cáiilíochta an aschuir.

Is próiseas cothabhála, forbartha, agus feabhsúcháin leanúnacha é seo. Tá roinnt príomhfhorbairtí in 2023 leagtha amach anseo.

#### Ár bpróisis bhailíochtaithe a chothabháil agus a fhobairt tuilleadh chun Sonraí Liosta Feithimh a Bhailiú agus a Bhainistiú

I rith 2023, lean an CNCC agus FSS ag obair le chéile chun próisis, córais agus treoir a fhobairt chun tacú le bainistiú caighdeánaithe othar ar liostaí feithimh.

#### Tionscnamh Cáiilíochta Sonraí (DQI)

Féachann "Tionscnamh Cáiilíochta Sonraí" an NTPF/FSS le timpeallacht a chruthú ina bhfuil cáiilíocht sonraí ina fócas cumasaithé, leabaithe ag leibhéal an ghrúpa ospidéil agus ag leibhéal an ospidéil aonair. Cuireann an tionscnamh seo úinéireacht agus freagrachtáí soiléire chun cinn a spreagann samhail inbhuanaithe um fheabhsú cáiilíochta sonraí.

Thacaigh an CNCC leis an tionscnamh seo le linn 2023 trí thuairisciú agus deais a sholáthar, oiliúint feasacha sonraí agus idirghabhálacha spriodhírithe le hospidéil inar aimsíodh saincheisteanna.

I measc na bPríomhréimsí Fócais DQI 2023 bhí:

- Othair ar liosta feithimh IPDC le gnáthamh rangaithe mar 'eile'.
- Othair a bhfuil dáta coinne nó dáta TCI acu san am a chuaigh thart (coinne caite).
- Othair ar liostaí feithimh OP agus IPDC a bhfuil stair DNA acu.
- Othair ar liostaí feithimh OP agus IPDC a bhfuil stair CNA acu.

#### Cáiilíocht Sonraí um Chomhlánú Sonraí (DCDQ)

Chomh maith leis an gclár DQI, coinníonn an NTPF clár Cáiilíochta Sonraí um Chomhlánú Sonraí (DCDQ). Déanann an clár monatóireacht agus tuairisciú agus obair leantach ar shaincheisteanna cáiilíochta sonraí trasna sonraí liostaí feithimh a fhaigheann an CNCC ar bhonn seachtainiúil. Éascaíonn sé seo sonraí ardchaighdeán a fháil ó ospidéil aonair, agus ina dhiaidh sin soláthraíonn sé foinsé iontaofa faisnéise don CNCC, don Roinn Sláinte, do FSS, do Ghrúpaí Ospidéil agus d'ospidéil aonair le foinsé iontaofa faisnéise maidir le pleanál agus bainistiú liostaí feithimh in Éirinn.

Comhordaíonn an clár seo freisin tástáil ar chomhaid eastósctha Liosta Feithimh a fhaightear ó ospidéil tar éis uasghráduithe ar Chórais Riaracháin Othar (PAS) nó nuashonruithe scripte.

#### Bailíochtú Riaracháin as Liostaí Feithimh

##### Bailíochtú Othar Riaracháin

Oibríonn an CNCC go dlúth le FSS, Grúpaí Ospidéil agus ospidéil aonair chun próiseas bailíochtaithe riarracháin náisiúnta a sholáthar d'othair ar liostaí feithimh othar seachtrach, othair chónaithe nó chásanna lae. Déantar teagmháil i scribhinn le hothair atá ar liostaí feithimh ar feadh tréimhsí fada ama le deimhniú an bhfuil siad réidh, toilteanach agus ar fáil chun teacht ar chúram. Cuirtear clúdach seoltaí féin-stampaithe ar fáil d'othair agus sonraí faoin rogha freagartha ar líne chun ranpháirtíocht a spreagadh agus chun freagra a éascú.

I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Liosta Feithimh 2023, lean an clár bailíochtaithe de bheith ag plé le hospidéil go náisiúnta chun lón na n-ospidéil a dhéanann bailíochtú a mhéadú. Faoi mhí na Nollag 2023, bhí 41 ospidéil ranpháirtíochtaí i mbailíochtú OP, a raibh 39 acu ag bailíochtú othair a bhí ar an liosta feithimh níos mó ná 3 mhí. Ar an gcaoi chéanna, bhí 37 ospidéil ranpháirtíochtaí i mbailíochtú IPDC, a raibh 35 acu ag bailíochtú othair níos mó ná 3 mhí.

## Sprioc Straitéiseach 3 (ar lean)

Soláthraíonn Tábla 3 miondealú ar othair atá bailíochtaithe agus bainte de réir cineáil liosta feithimh. Tháinig méadú 28% in 2023 ar líon na n-othar a bailíochtaíodh i gcomparáid leis an mbliaín roimhe sin agus méadú 8% ar líon na n-aistriú.

**Tábla 3 | Stádas Bailfochtaithe amhail an 23 Nollaig 2023**

	Líon na Othair Bailíochtaithe	Líon na Othair Bainte
Othar Cónaitheach agus Cás Lae (IPDC)	<b>98,272</b>	<b>14,137</b>
Othar Seachtrach (OP)	<b>658,42</b>	<b>115,341</b>
Iomlán	<b>756,744</b>	<b>129,473</b>


Baintear othair a bhaintear de liostaí feithimh OP & IPDC de réir an phróisis bainte atá leagtha amach i bPrótacal Náisiúnta Bainistíochta Liostaí Feithimh IDPP 2017 agus i bPrótacal Náisiúnta Bainistíochta Liostaí Feithimh OP 2022.

## Rogha Freagra Uathoibrithe Othar Ar Líne (POLAR)

Tugann an rogha Freagra Uathoibrithe Othar Ar Líne (POLAR) deis d'othair atá rannphárteach i mbailíochtú riarracháin freagra a thabhairt ar a litir bailíochtaithe ar líne. Tríd an bpróiseas seo a chumasú le glacadh ar líne, soláthraítear modh freagartha malartach agus bailíochtaú níos eifeachtúla ó thaobh ama de ar na liostaí feithimh reatha.

Tá líon na n-othar a fhreagraíonn trí POLAR ag méadú bliain i ndiaidh bliana agus in 2023, d'fhreagair 61% de na hothair a d'fhreagair comhfheagras bailíochtaithe ar líne ag baint úsáide as POLAR.

**Cairt 4 | Freagraí Poist v Freagraí POLAR 2020–2024**



## Sprioc Straitéiseach 3 (ar lean)

### Cúnamh ar an Láthair

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun riosca agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú. Dearbháim go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm;

- tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasachth chomhfhreagrach
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádann an bhainistíocht sinsearaí faoi athbhreithníú
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntíú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm;

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpriomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuirisciú
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal nuair a shainitear freagracht maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht sinsearaí athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsíúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus réamhaisnéisí.

### Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CNCC chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a áirithíú agus gur chomhlíon an CNCC na nósanna imeachta siúd le linn 2023.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dheimhnigh an Bord an 4 Márta 2024 go raibh athbhreithniú bliantúil déanta aige ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2023.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CNCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an CNCC ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuide oibre, ag an gCoiste um Chúram Othar a dhéanann monatóireacht ar rioscaí a bhaineann le cóireálacha d'othair a choimisiúnú agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den CNCC atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

### Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach maidir le 2023.

### Tionchar COVID-19 agus Brú Boilscithe

D'fhógair an Stát an Scéim Íocaíochta Cúnamh Shealadaigh chun tacú le tithe altranais maidir le brúnna costais breise a eascraíonn as Covid-19. Tháinig an Scéim Íocaíochta Cúnamh Shealadaigh chun críche amhail Aibreán 2023.

D'fhógair an Stát an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach chun tacú le tithe altranais le costas boilscithe fuinnimh. Tháinig an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach chun críche amhail Meitheamh 2023.

Rinne FSS na scéimeanna a riar agus íocaíochtaí a dhéanamh leis na Tithe Altranais. Rinne an CNCC an próiseas iarratais a riar agus thug sé tacáiocht agus comhairle do FSS.

### (Easnamh)/Barrachas tar éis leithreasáí

Soláthraítear ioncam deontais an Oireachtas chun freastal ar dhliteanais a aibíonn i rith na bliana seachas ar chaiteachas a tabhaíodh i rith na bliana. Dá bhrí sin, is gnáth go dtiocfaidh difríocht chun cinn san iarmhéid idir ioncam agus caiteachas mar gheall ar an difríocht idir caiteachas fabhraithe agus maoiniú airgeadbhunaithe.

Ag deireadh 2023 tá an CNCC ag tuairisciú easnamh ioncaim thar chaiteachas €198m.

Baineadh úsáid as cúlchistí ioncaim a tugadh ar aghaidh ó 2022 don chaiteachas seo. Ba mhaoiniú é seo nár caitheadh sna blianta roimhe sin agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais ar chúram othar in 2023.

Thar ceann Bhord an CNCC:

**Don Gallagher**  
Cathaoirleach

30 Meán Fómhair 2024

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

### Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Táimse tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir mar a cheanglaítear faoi fhórálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Uillmhaiodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102-*An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus cuimsítear*

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, cé is moite den neamhchomhlíonadh le ceangaltais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, tugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsáí na cuideachta sna ráitis airgeadais i dtaca le sochair agus dochair Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála amhail ar an 31 Nollaig 2023 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2023 de réir FRS 102.

### Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, déanann Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála costais teidlíochtaí sochair scoir a thuaireisciú de réir mar a éiríonn siad le bheith inioctha. Ní chloinn sé seo le FRS 102 ina n-áirítear go sainaithníonn na ráitis airgeadais costas iomlán na dtéidíochtaí sochair scoir a thuilltear sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ag dáta an tuairiscithe. Nil éifeacht an neamhchomhlíonta ar ráitis airgeadais Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála don bhliain 2023 cainníochtaithe.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iníúchóireachta (ISAnna) arna bhfogairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iníúchóireachta Uachtaracha. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san agusín a gabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus tá mo chuid freagrachtaí eitíciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun go mbeadh bunús le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá Bord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála tar éis roinnt eolais eile a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san agusín a gabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscimí trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

*Seamus McCarthy*

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
30 Meán Fómhair 2024

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

### Aguisín leis an tuarascáil

#### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freaghach as

- ráitis airgeadais bhiantúla a ullmhú san fhoirm a phorodaítear faoi aireagal 10 de I.R. Uimh. 179/2004 An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004
- a chinntí go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirthíthí
- a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil bonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta iomchuí, agus
- is gó rialú inmhéanach den sórt a chinneann siad a dhéanamh chun go mbeifear in ann
- ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtas.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibéal dearbhaite é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaocht é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéanfar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha i goónai nuair a bhíonn sé ann is féidir le míráiteas eascraig as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó san iomlán, d'fhéadfá a bheith ag suíl le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eachamaíocha úsáideoirí a ghlaictar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinníomh amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh.

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; dearaí agus cuirim nósanna imeachta iniúchóireachta i gcrích atá freaghach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá dóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an baol nach n-ainmseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaíos níos airde ná an riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claoípháirteachas, brionnú a bheith i gceist le calaois. easnaimh d'aon ghnó. mífhaisnéis, nó rialú inmhéanach a shárú.
- Faighim tuiscint ar rialú inmhéanach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a noctadh ar éifeachtach na rialuithe inmhéanacha,
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáiochta agus noctaí. gaolmhara.

- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuarthas, cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinniollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de tháit as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na noctadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor na noctadh sin, chun mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinniollacha sa todcháí a bheith ina gcúis le scor de Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomláin na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na noctaí, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar mhodh a bhaineann cur i láthair cír amach nó nach léiríonn.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freaghach as rialachas maidir leis an raon feidhme agus an t-am atá beartaithe maidir leis an iniúchadh agus torthá suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmhéanach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscim trí eisceacht más rud é, dar liom,

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh mo iniúchta, nó
- Níor leor na taifid chuntasáiochta chun go bhféadfá na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- Nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaite d'aon chineál ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus. trí sin a dhéanamh, smaoinigh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nō leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nō an ndearraíonn sé go bhfuil sé mícheart ar shli eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam. Go mbainim de tháit as go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, ní mór dom an méid sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlactaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a bhfeidhmiú. Tuairiscim má aithním gnéithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má shainaithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gríoch a bhí beartaithe nō i gcás nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a rialaíonn iad.

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
<b>Ioncam</b>			
Deontas Oireachtas	2	190,000,000	125,000,000
Ioncam Eile		-	30
Ús Infhála		245,071	57,334
<b>Ioncam lomlán</b>		190,245,071	125,057,364
<b>Lúide: Caiteachas</b>			
Caiteachas ar Chúram Othar	3	179,418,432	128,503,145
Costais Riaracháin	4	11,088,666	8,584,398
<b>Caiteachas lomlán</b>		190,507,098	137,087,543
<b>(Easnamh)/Barrachas don Bhliain roimh Leithreasáí</b>		(262,027)	(12,030,179)
<b>Aistriú chuit an gCuntas Caipitil</b>	11	63,591	31,902
<b>(Easnamh)/Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasáí</b>		(198,436)	(11,998,277)
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail an 1 Eanáir		15,076,002	27,074,279
<b>Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail an 31 Nollaig</b>		14,877,566	15,076,002

Folaíonn an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithnítear sa bhliain.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Boird an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála::

Don Gallagher (Cathaoirleach)  
Comhalta Boird

30 Meán Fómhair 2024

Dónall Curtin  
Comhalta Boird

30 Meán Fómhair 2024

## Ráiteas ar Staid an Airgeadais

### Amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>	6	394,091	457,682
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infhláitais agus Réamhíocaíochtaí	7	253,099	254,029
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim	8	62,105,012	61,433,783
		62,358,111	61,687,812
<b>Dliteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Méideanna Iníocha Cúraim agus Fabhruithe	9	44,703,574	44,880,324
Méideanna Iníocha Neamhchúraim agus Fabhruithe	10	2,776,971	1,731,486
		47,480,545	46,611,810
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		14,877,566	15,076,002
<b>Glansóchmhainní Reatha</b>		15,271,657	15,533,684
<b>Lena léirítear</b>			
Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choiinnithe		14,877,566	15,076,002
Cuntas Caipitil	11	394,091	457,682
		15,271,657	15,533,684

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhoird An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:

**Don Gallagher** (Cathaoirleach)  
Comhalta Boird

30 Meán Fómhair 2024

**Dónall Curtin**  
Comhalta Boird

30 Meán Fómhair 2024

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
(Easnamh)/Barrachas loncaim thar Chaiteachas		(262,027)	(12,030,179)
Dímheas agus bearnúchán Sócmhainní Seasta	6	200,681	179,099
Méadú ar Infhláitais		930	(9,058)
Méadú ar Mhéideanna Iníochta		868,735	19,044,299
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>808,319</b>	<b>7,184,161</b>
<b>Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	6	(137,090)	(147,197)
Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealmh	6	-	-
<b>Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>(137,090)</b>	<b>(147,197)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Ús bainc faigte		-	-
Ús bainc íoctha		-	-
<b>Glanshreibhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		<b>-</b>	<b>-</b>
<b>Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim</b>			
		671,229	7,036,964
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir		61,433,783	54,396,819
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig		62,105,012	61,433,783

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasáiochta agus na mbeartas suntasach cuntasáiochta arna nglacadh ag Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bord an CNCC) leagtha amach thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaídodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi lonstraim Reachtúil (I.R.) 179 – An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004, arna leasú ag I.R. Uimh.125 de 2007, an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 agus an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais (2009), le ceannoifig ag Teach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag Bord an CNCC:

- i. Chun socruithe a chur i mbun le daoine, bíodh siad sin ina gcónaitheoirí sa Stát seo nó i dtí eile, le haghaidh cóireáil ospidéil a chur ar fail dá leithéid d'aicmí daoine de réir mar a bheartaíonn an tAire ó am go ham.
- ii. faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh ar chóireáil ospidéil a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú, agus chun córais faisnéise agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na críche sin.
- iii. chun comhairle a thabhairt don Aire de réir mar a iarrann an tAire, nó ar a thionscnaimh féin, ar ábhair a bhaineann lena fheidhmeanna.
- iv. aon fheidhm eile a fheidhmiú a bhaineann le ceannach cóireála ospidéil a d'fhéadfadh an tAire a shannadh dó ó am go ham.
- v. socruithe a dhéanamh le duine a mheasann sé a bheith oiriúnach, agus é/i ina (h)úinéir de theach altranais, maidir leis an bpraghás ar a gcuirfear seirbhísí cúraim chónaithe fhadtréimhsgigh ar fáil do dhaoine a bhfuil a leithéid de sheirbhísí de dhíth orthu, agus a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu de réir an Acharta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009.

Is Eintiteas um Shochair Phoiblí (PBE) é Bord CNCC.

#### b) Ráiteas Comhlíonta

Uillmháiodh ráitis airgeadais Bhord CNCC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) cé is moite de na pinsin. cuntas a thabhairt ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Ní chuirtear forálacha FRS 102 Alt 28 Sochair Fostaithe i bhfeidhm agus níl an dliteanas do shochair phinsin sa todhchaí fabhráithe sa bhliain aitheanta sna ráitis airgeadais.

#### c) Bunús an Uillmhúcháin

Uillmháiodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stáiriúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanas áirithe arna dtomhas ar luach cóir de réir mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Is de réir mar atá faofa ag an Aire Sláinte faoin Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 atá na ráitis airgeadais déanta.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i dtaca le míreanna atá measta le bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Bhord an CNCC.

## 1. Bheartais Chuntasáiochta (ar lean)

### d) Ioncam

#### Deontais Oireachtas

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth. Mar sin féin, soláthraítear Deontais Oireachtas chun tiomantais a chomhlíonadh i rith na bliana seachas costais a thabhaítear i rith na bliana agus tugtar cuntas orthu ar bhonn fáltais airgid.

Is éard is tiomantais ann oibleagáidí nó gnóthais chun íocaíochtaí a dhéanamh amach anseo le hOspidéil Phoiblí agus Phróbháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta mar dhileanaísa sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

### e) Caiteachas ar chúram othar

Aithnítear caiteachas cúram sa bliaín ina gcuirtear an cúram leighis ar fáil.

### f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas níos lú dímheasa carntha, arna choigeartú d'aon soláthar lagaithe. Tuairiscítear an dímheas ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh de réir méid cothrom agus ar rátaí a dhéantar iad a mheas ar mhaithe leis na sócmhainní a laghdú go dtí luachanna iarmharacha faoi dheireadh na saolré atá beartaithe dóibh a bheith fós tairbhiúil mar seo a leanas:

Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta

20% in aghaidh na bliana

Trealamh Oifige

20% in aghaidh na bliana

Troscán agus Feistis

10% in aghaidh na bliana

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, má bhí an tsócmhainn den aois agus sa riocth a rabhthas ag súil leis cheana ag deireadh a saolré úsáideach.

Déantar caiteachas a thabhaítear i bhforbairt na gcóras ríomhaireachta, atá ina méid substaintiúil, agus a mheastar go mbaineann tairbhe eacnamaíoch leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha chun cinn. Tá uastearainn de 5 bliana leis an tréimhse sin. I gcás neamhchinnteachta maidir leis an tairbhe thodhchaíoch a bheidh i gceist aithnítear cailleanas bearnaithe sa Ráiteas faoi ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe sa bliaín.

### g) Fardal

Ós rud é nach n-iompráonn an Bord aon fhardal ábhair gach earra inchaite ilghnéitheach (m.sh. stáiseanóireacht, ábhar clóite srl.) a mhuirearú ina n-iomláine ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse ina bhfuarhas iad den chéad uair.

### h) Infháltais

Déantar infháltais a thuairisciú ar luach cóir, lúide an soláthar le fiachas amhrasach. Is foráil ar leith í an phoráil maidir le fiacha amhrasacha, agus déantar í a bhunú nuair a bhíonn fianaise oibíachtúil ann nach mbeidh Bord an CNCC in ann na méideanna uile atá dlite dó a bhailíú. Aithnítear gach gluaiseacht san phoráil d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar cíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Tuairiscítear an caiteachas de réir bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

#### j) Sochair Fostaithe

##### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

##### Sochair Scoir

Déantar foráil do theidíochtaí pinsin fostaithe atá fostaithe go díreach ag an mBord trí scéim sochair shainithe. Faoi threoir an Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin amach anseo. Cuirtear maoiniú ar fáil de réir mar a iocatar foacaíochtaí pinsin.

Déantar ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó thuarastail fostaithe a fhritháireamh in aghaidh foacaíochtaí pinsin agus aithnítear iad mar ghlanchostais phinsin agus gearrtaí iad ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe nuair a iocatar iad.

Chomh maith leis sin, déanann an CNCC an Scéim Pinsin Seirbhise Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair") a riár, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a iocatar ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Fanann na sochair phinsin atá ag baill foirne ar iasacht le Bord an CNCC faoi fhreagracht na máthair-chomhlachtaí dá gcuide. Gearrtaí an costas fostóra a bhaineann leis na sochair seo a sholáthar ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe agus cuirtear ar aghaidh chuig na máthairchomhlachtaí é.

#### k) Cuntas caipitil

Léirítear leis an gcuntas caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a chuirtear i leith an chaiteachais chaipitil. Scaoiletar suimeanna ón gcúlchiste sin leis an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta ar aon dul le dímheas agus díluacháil sócmhainní.

#### l) Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh

Maidir le hidirbhearta airgeadra eachtraigh a dhéantar le linn na tréimhse, is ar an ráta malairte ar lá a tharlaíonn an idirbheart a áirítear an luach atá i gceist leis.

#### m) Breithiúnais agus Meastachán Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta cinntí, meastachán agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ag an dáta tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear mar ioncaim agus mar speansais le linn na bliana. Ós rud é gur meastachán atá i gceist, tá seans maith ann go mbeidh difríocht idir na tortaí iarbhir agus na cinn mheasta. Tá an caiteachas cúraim a aithnítear san AFS bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn ospidéil phoiblí agus phriobháideacha Toisc nach bhfuil tuarascálacha deiridh curtha isteach ag gach ospidéal don bhliain seo caite, tá meastachán CNCC san áireamh do chaiteachas neamhthuairiscithe.

##### Dímheas agus Luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Bord CNCC ar shaolta sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe ar shaolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneáin agus feisteas, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

## 2. Deontais Oireachtas

Cuimsítear an méid a leanas leis na Deontais Oireachtas a leithdháiltear le Vóta 38 Sláinte do Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála, de réir mar atá léirithe sna ráitis airgeadais;

		2023 €	2022 €
Deontais le haghaidh caiteachais reatha	Fo-cheann E3	100,000,000	100,000,000
Deontais le haghaidh caiteachais reatha	Fo-cheann E5	90,000,000	25,000,000
		<b>190,000,000</b>	<b>125,000,000</b>

Ba bheart sealadach é an leithdháileadh le haghaidh Fo-cheann E5 mar fhreagra ar riarráistí an liosta feithimh agus saincheisteanna acmhainne a d'eascair as an bpaindéim COVID-19.

### 3(a). Caiteachas ar Chúram Otar

Le linn 2023 bhain caiteachas a thabhaigh an CNCC le híocaíochtaí le hospidéil phríobháideacha agus phoiblí chun seirbhísí othar cónaíteach agus othar seachtrach a sholáthar d'othair ar liostaí feithimh. Tá an caiteachas briste síos de réir chineál an fócaí agus na speisialtachta mar seo a leanas:

		2023 €	2022 €
Ospidéil Phríobháideacha		107,367,250	67,285,727
Ospidéil Phoiblí		72,051,182	61,217,418
		<b>179,418,432</b>	<b>128,503,145</b>

### 3(b). Caiteachas ar Chúram Otar de réir speisialtachta

		2023 €	2022 €
Ortaipéidic		41,274,627	29,159,831
Oftailmeolaíocht		26,012,273	20,720,235
Máinliacht Ghinearálta		40,844,370	30,067,466
Úireolaíocht		9,478,586	7,000,479
Ota-laraingeolaíocht (ENT)		9,185,110	7,841,621
Máinliacht Chairdiach/Cairdeolaíocht		16,047,608	9,049,935
Raideolaíocht		17,295,389	10,799,807
Néaramhánliacht		2,971,630	1,046,523
Gínéiceolaíocht		315,872	241,382
Máinliacht Shoithíoch		2,782,857	2,078,828
Máinliacht Phlaisteach Neamhchosmáideach		2,772,016	2,652,567
Bainistiú Péine		2,103,020	1,495,634
Néareolaíocht		-	195,481
Máinliacht Deirmeolalochta		3,903,150	3,273,293
Riospráide		1,680,696	1,045,963
Réamaiteolaíocht		1,162,592	948,955
Imdhíoneolaíocht		120,023	30,454
Inchríneolaíocht		320,521	690,630
Maxillo-Aghaidhe		1,148,092	164,061
Iomlán		<b>179,418,432</b>	<b>128,503,145</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Costais Riaracháin

		2023 €	2022 €
<b>Speansais Riaracháin</b>			
Párola	Nóta 5	5,481,326	4,230,288
Cíos oifige		517,008	517,008
Seirbhísí gairmiúla		1,607,930	1,063,914
Speansais oifige		268,435	218,035
Post agus Bainistíocht Poist		1,999,904	1,549,651
Speansais riomhaireachta		559,620	446,738
Cumarsáid		50,679	60,864
Oiliúint agus Earcaiocht		147,911	102,881
Táillí dlí		83,373	48,677
Iompar agus Taistil		39,292	22,865
Dímheas		200,681	179,099
Glantachán agus cothabháil an áitribh		38,772	42,873
Táillí iniúchta		20,350	20,350
Árachas		72,332	65,538
Táillí bainc		1,053	15,515
Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt		-	-
Costais Ilgħnēitheacha		-	102
		<b>11,088,666</b>	<b>8,584,398</b>

Tá an costas díreach a bhaineann le feidhm idirbheartaíochta an CNCC a riadadh faoin Acht um Scéim Tacaíochta Tithe Altranais san áireamh sna Speansais Riaracháin. Ba é an costas seo né €1,034,969 (2022: €440,336).

Ina theannta sin, b'ionann costas ról an CNCC i leith na Scéime Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh Covid-19 agus €140,945 in 2023 (2022: €422,642).

B'ionann costas ról an CNCC maidir leis an Scéim Íocaíochta Boilscithe Sealadach agus €255,665 in 2023 (2022: nialas).

## 5. Luach Saothair agus Costais Phá Eile

### a) Sochair Fostaithe Chomhionlána

	2023 €	2022 €
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	4,866,757	3,717,396
Íocaíochtaí pinsin	136,269	132,840
Ranníocaíocht an fhostóra le Leas Sóisialach	478,300	380,052
Costas Párola lomlán	<u>5,481,326</u>	<u>4,230,288</u>

Nóta: Tá na híocaíochtaí pinsin thusas glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe de €136,049 (2022 €122,428) a asbhaintear ó thuarastail ach a choinníonn an CNCC. B'ionann asbhaintí pinsin maidir le baill SPSPS agus €102,268 (2022 €68,523). Tarchuireadh iad seo chug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tarchuireadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (de réir Chiorclán 21/2018 an DPER) de €145,903 (2022 €119,289) chug an Roinn Sláinte.

	2023	2022
Lion na foirne fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana	80	71

### b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2023 €	2022 €
Bunphá	4,866,757	3,717,396
Ragobair	-	-
Liúntais	-	-
<u>4,866,757</u>		<u>3,717,396</u>

Áirítear le bunphá costais foirne gníomhaireachta de €292,457 (2022: €88,355)

### c) Tuarastal an Phríomhfeidhmeannaigh

	2023 €	2022 €
Tuarastal an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin	76,284	151,014
Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhach*	77,688	12,372

\* Ceapadh an tUasal Sean Flood mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 2 Iúil 2023. Ceapadh Príomhfheidhmeannach nua, Fiona Brady, an 3 Iúil 2023.

Tá an Príomhfheidhmeannach ina comhalta de Scéim Aoisliúntais an CNCC agus ní théann a teidlíochtaí chuige sin thar théarmaí na scéime pinsin seirbhísé poiblí eiseamláireach. Ní áirítear luach na sochar scoir a thoilltear le linn na tréimhse i gceist sa mhéid thusas.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Luach Saothair agus Costais Phá Eile (ar lean)

#### d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Ar na príomhphearsanra bainistíochta san CNCC tá Comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir TFC, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, an Stiúrthóir um Rialachas agus Athchóiriú an Liosta Feithimh agus an Stiúrthóir Coimisiúnaithe. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos;

	2023 €	2022 €
Tuarastal	607,776	631,872

Ní fhláonn tuarastal do phríomhphearsanra bainistíochta luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta, gan comhaltaí an Bhoird san áireamh, ina gcomhaltaí de Scéim Aoisiúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir leis sin níos faide thar théarmaí scéim aoisiúntais eiseamláreach na seirbhise poiblí.

#### e) Miondealú ar shochair fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe de bhréis ar €60,000 a chatagóiriú sna bannaí seo a leanas;

Ó	Go	2023	Líon na bhFostaithe 2022
€60,000	€69,999	11	9
€70,000	€79,999	5	3
€80,000	€89,999	4	2
€90,000	€99,999	1	-
€100,000	€109,999	2	2
€110,000	€119,999	-	1
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	1	-
€140,000	€149,999	-	-
€150,000	€159,999	-	1
Iomlán		24	18

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrtéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

## 6. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh Riomhaire agus Bogearrai €	Trealamh Oifige €	Troscán, Daingneán agus Feistis €	Iomlán €
<b>Costas</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2023	1,419,507	61,058	157,105	1,637,670
Méideanna Breise	107,167	19,550	10,373	137,090
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2023	<b>1,526,674</b>	<b>80,608</b>	<b>167,479</b>	<b>1,774,760</b>
<b>Dímheas</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2023	(1,014,024)	(59,502)	(106,462)	(1,179,988)
Muirear don Bhliain	(188,368)	(4,687)	(7,626)	(200,681)
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2023	<b>(1,202,392)</b>	<b>(64,189)</b>	<b>(114,087)</b>	<b>(1,380,669)</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2023	405,483	1,556	50,643	457,682
Glangluaiseacht don bhliain	(81,200)	14,861	2,748	(63,591)
Amhail an 31 Nollaig 2023	<b>324,203</b>	<b>16,417</b>	<b>53,391</b>	<b>394,091</b>

## 7. Infháltais agus réamhíocaíochtaí

	2023 €	2022 €
Réamhíocaíochtaí Éagsúla	244,804	232,520
Infháltais Éagsúla Eile	8,295	21,509
	<b>253,099</b>	<b>254,029</b>

## 8. Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid thirim

	2023 €	2022 €
Cuntas Bainc Reatha	405,005	733,483
Nótaí Státhiste NTMA	61,700,000	60,700,000
Mionairgead	7	300
	<b>62,105,012</b>	<b>61,433,783</b>

## 9. Méideanna Iníocha Cúraim agus Fabhruithe Cúraim

	2023 €	2022 €
Méideanna iníocha cúraim	14,124,947	6,354,038
Fabhruithe cúraim	30,578,627	38,526,286
	<b>44,703,574</b>	<b>44,880,324</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 10. Méideanna Iníoctha agus Fabhruithe Neamhchúraim

	2023 €	2022 €
Seirbhísí Gairmiúla ag Siarchoinneáil Cánach	1,398,473	711,014
ÍMAT / ÁSPC agus Tobhaigh Rialtais	153,332	132,308
Méideanna iníoctha agus fabhruithe eile neamhchúraim	1,225,166	888,164
	<b>2,776,971</b>	<b>1,731,486</b>

### 11. Cuntas Caipitil

	2023 €	2022 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	457,682	489,584
Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a shealbhú	137,090	147,197
An tsuim a amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainni	(200,681)	(179,099)
Diúscairt Réadmhaoine, Gléasra agus Trealmhaimh	-	-
Glangluaiseacht sa Chuntas Caipitil	(63,591)	(31,902)
	<b>394,091</b>	<b>457,682</b>

### 12. Léasanna Oibriúcháin

Tá áitreabhbh ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2 faoi chomhaontú léasa dar tosach 1 Eanáir 2021 agus a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2025. Is é 935m<sup>2</sup> achar urláir oifige ionmlán na réadmhaoine agus bhí 100% de áitiú ag an CNCC ar an dáta tuairiscithe.

#### Cíosanna léasa oibriúcháin (arna muirearú ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe)

	2023 €	2022 €
Talamh agus Foirgnimh	517,008	517,008

#### Tá na tiomantais seo a leanas ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin a théann in éag

	2023 €	2022 €
Laistigh de bhliain amháin	517,008	517,008
Laistigh de 2 go 5 bliana	517,008	1,034,016

## 13. Tiomantais

Is ionann tiomantais agus oibleagáidí nó gealltanais chun íocaíochtaí a dhéanamh san am atá le teacht le hOspidéil Phoiblí nó Phríobháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta fós mar dhileanais sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ghlac othair phoiblí le tairiscintí cóireála, ar luach measta €40M (2022 €35M), ag an dáta tuairiscithe do chóireálacha a dhéanamh an bhliaín dár gcionn. I measc na dtiomantais tá comhairliúchán le hothair sheachtracha agus soláthar do chúram leantach nuair is cuí. Ós rud é go n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrainthe, níl na tiomantais sin aitheanta mar dhileanas ag an dáta tuairiscithe.

## 14. Nochtadh Páirtí Gaolmar

Cuimsíonn príomhphearsanra Bhord an CNCC Comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí sinsearacha. Féach Nótá 5 chun teacht ar bhriseadh síos ar an luach saothair agus ar na sochair a íocatar leis an bpriomhphearsanra.

Glacann Bord an CNCC le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta an Bhoird

Comhaltaí. I ggnáthchúrsa an ghnó féadfaidh Bord an CNCC socruithe conartha a dhéanamh le haonáin ina bhfuil Comhaltaí Boird an CNCC fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu. Le linn na bliana ní raibh aon ghnó ag Bord an CNCC le comhlactaí bainteach le haon cheann de Chomhaltaí an Bhoird.

## 15. Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe.

Ní raibh aon imeachtaí idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais seo a fhaomhadh óna dteastaíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Tá maoiniú breise á leithdháileadh ar CNCC i leith 2024 chun aghaidh a thabhairt ar liostaí feithimh.

Measann an Bord, ós rud é go soláthraíonn an t-aonán seirbhís phoiblí atá maoinithe ag airgead a sholáthraíonn an Stáitche, trí an Roinn Sláinte, go bhfuil sé iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála na ráitis airgeadais an 30 Meán Fómhair 2024.

# Aguisín Ídiú Fuinnimh

Leag an Rialtas sprioc síos don earnáil phoiblí chun coigilteas 50% faoi 2030 agus laghdú 51% ar gháis cheaptha teasa sa tréimhse chéanna. D'fhonn an coigilteas spriochta a bhaint amach forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) agus in éineacht le Rialachán 2009 na gComphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh Úsáide Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh) tugadh sainordú maidir leis na hoibleagáidí agus spriocanna a leanas:

- Áireofar i dtuarascálacha bliantúla gach comhlacht earnála poiblí ón 1 Eanáir 2011, ráiteas ina ndéanfar cur síos ar na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh acu chun a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus measúnú ar a dhul chun cinn i dtreo na sprice 50%;
- Cuirfidh siad cláir éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireseachtaí Stáit, d'Údarás Áitiúla, don tSeirbhís Sláinte agus do réimsí uile eile na hearnála poiblí;
- Cuirfidh siad beartais soláthair i bhfeidhm atá tiosach ar fhuinneamh; agus
- Ní mór Teastas Fuinnimh Taispeána a bheith ar taispeáint i ngach foirgneamh san earnáil phoiblí os cionn 1,000m<sup>2</sup> chun úsáid iarbhír fuinnimh agus an Rátail Fuinnimh Foirgnimh a léiriú.

Tá Oifig amháin ag an CNCC i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach. Tá an oifig suite ar dhá urlár i bhfoirgneamh oifigí iláitithe. Níl an t-achar urláir atá léasaithe níos mó ná 1,000m<sup>2</sup> nuair a bhíonn Teastas Taispeána Fuinnimh de dhíth.

Tuairiscíonn an CNCC ar a fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharrthana na hÉireann de réir lonstraim Reachtúil 426 de 2014 – Rialachán an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) agus lonstraim Reachtúil 542/2029 - Rialachán na gComphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Deireadh Úsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009.

Tá an tuarascáil ar ídú fuinnimh bunaithe ar líon na gcoibhéisí fostaithe lánimseartha de chuid an CNCC. Glacadh leis an gcur chuige sin mar bhí athrú ar líon na bhfostaithe de chuid an CNCC i rith na tréimhse tuairiscithe.

Leanann an CNCC ar aghaidh ag obair chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh chun a thionchar ar ár n-acmhainní nádúrtha agus ar an bpláinéad a laghdú.

